Doiciméad Comhairliúcháin um Moltaí Beartais: Leagan na Leanaí agus na nDaoine Óga

Gach Scoil Ina Scoil Mhaith

An Bealach Chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú

Lúnasa 2009

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

NÓTA ÓN AIRE OIDEACHAIS, CATRÍONA RUANE.....

Is mise Caitríona Ruane agus is mise an tAire Oideachais. Is é an post atá agam ná a deimhin a dhéanamh de go n-éiríonn go maith leatsa, agus le gach buachaill agus cailín, ag cibé scoil ar a bhfreastalaíonn sibh.

Tá a fhios agam go ndéanann sibh ar fad bhur ndícheall ar scoil agus éiríonn go han-mhaith go deimhin le roinnt cailíní agus buachaillí. Ach tá roinnt cailíní agus buachaillí a mbíonn deacracht acu foghlaim nó a mbíonn deacracht acu leis an saol ar scoil. Tarlaíonn sé uaireanta nach n-éiríonn go maith leis na leanaí seo nuair a fhágann siad an scoil.

Nílim ag iarraidh go dtarlóidh sé seo níos mó agus mar sin táimid ag obair ar phlean (moltaí) chun cabhrú le gach duine a dteastaíonn cabhair uathu.

Tá roinnt smaointe againn agus is féidir libh léamh fúthu sa leabhrán seo. Táim ag iarraidh fáil amach cad a cheapann sibh faoinár gcuid smaointe. Táim ag iarraidh fáil amach freisin faoi na smaointe atá agaibh faoi rudaí a cheapann sibh a d'fhéadfadh cabhrú libh féin agus le bhur gcairde.

Léimfimid bhur gcuid smaointe ar fad agus breathnóimid ar conas a chuirfimid isteach iad inár gcuid pleananna deiridh. Táim ag tnúth go mór le cloisteáil uaibh

Go raibh maith agaibh

Caitríona Ruane MLA
An tAire Oideachais

Bíonn deacracht ag roinnt leanaí foghlaim conas léamh, scríobh nó roinnt matamaitice a dhéanamh agus bíonn deacracht ag leanaí eile labhairt le daoine.

Tá roinnt eile a chuaigh chuig go leor scoileanna difriúla.

Labhraíonn roinnt cailíní agus buachaillí inár gcuid scoileanna teanga dhifriúil ar fad sa bhaile.

Tá a fhios againn freisin go bhfuil difríocht sa bhealach a chuidítear le leanaí nuair a bhíonn deacracht acu ar scoil. Tarlaíonn sé sin uaireanta mar gheall ar a n-áit chónaithe nó ar an scoil ar a bhfreastalaíonn siad.

Uaireanta nuair a bhíonn imní ar bhuachaillí agus ar chailíní faoi rudaí sa bhaile stopann sé iad ó rudaí a fhoghlaim ar scoil.

CAD A DHÉANFAIMID?

Má tá deacracht ag cailín nó buachaill ar scoil, táimid ag iarraidh go bhfaighidh siad cabhair chomh luath agus is féidir sula n-éireoidh cúrsaí níos deacra arís.

Cinnteoimid go n-oibreoidh gach scoil ar an mbealach céanna chun cuidiú le leanaí déanamh níos fearr.

Táimid ag iarraidh a chinntiú go bhfaighidh gach cailín agus buachaill an chabhair a theastaíonn uathu chun a ndícheall a dhéanamh ar scoil nuair a theastaíonn sé uathu.

Táimid ag iarraidh a chinntiú go bhfaighidh gach cailín agus buachaill seans cothrom ionas go n-éireoidh chomh maith agus is féidir leo ar scoil.

Bhíomar ag féachaint ar cad ba chóir a fheabhsú.

Má tá bealach maith oibre ag scoil ar leith a chabhraíonn le cailíní agus buachaillí foghlaim, caithfimid é sin a insint do scoileanna eile ionas go mbeidh siad féin in ann an rud céanna a dhéanamh.

We have been looking at what needs to be made better.

Tá na pointí seo go léir curtha isteach inár bplean nua againn.

Scoileanna

- Ba chóir go bhfeicfeadh do chuid múinteoirí má tá deacracht agat le do chuid oibre.
- Éistfidh do chuid múinteoirí leat má tá tú ag iarraidh a rá leo nach bhfuil tú in ann do chuid oibre a dhéanamh.
- Cuirfidh do scoil cineálacha difriúla cabhrach ar fáil do leanaí a bhfuil deacracht acu ar scoil.
- Mura dtagann feabhas ar chúrsaí ansin bainfidh an scoil triail as bealach eile chun cabhrú leat.
- Iarrfar ar scoileanna oibriú go dlúth le scoileanna eile lena chinntiú go mbíonn gach duine ag obair le chéile chun cuidiú le leanaí déanamh níos fearr.

Tuismitheoirí

- Éiríonn níos fearr le leanaí ar scoil nuair a chuidíonn a gcuid tuismitheoirí, a gcairde agus a dteaghlach leo lena gcuid obair scoile.
- Breathnóimid ar bhealaí inar féidir leo cabhrú leat foghlaim.

Comhlachtaí Tacaíochta Oideachais

- Is é an dualgas atá ar na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOL) agus ar an Údarás Oideachais agus Scileanna agus (ÚOS) nua ná féachaint cé chomh maith is atá ag éirí le scoil cabhrú le leanaí a dteastaíonn cabhair uathu.
- Mura bhfuil an scoil ag obair go maith, gheobhaidh siad amach cén chúis atá leis sin agus cuideoidh siad leis an scoil rudaí a chur ina gceart.

Socraíonn an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP)

- cad a dhéanfaidh scoileanna do leanaí agus soláthraíonn siad an t-airgead do na scoileanna chun cuidiú leis na leanaí.
- Déanann an RSSSSP cinntí faoi chúram sláinte agus sóisialta agus cuireann sí an t-airgead ar fáil le haghaidh teiripeoirí, mar shampla, teiripeoirí urlabhra.
- Oibreoidh na Ranna le chéile lena chinntiú go bhfaighidh leanaí an chabhair a theastaíonn uathu nuair a theastaíonn sí uathu.

Cad iad na smaointe atá agat? Scríobh do chuid moltaí anseo le do thoil: beidh do scoil in ann iad a bhailiú agus iad a sheoladh chugainn.

Nó féadfaidh tú foirm a chomhlánú ar ár láithreán gréasáin: www.deni.gov.uk

Nó seol do chuid smaointe chuig ár seoladh ríomhphoist: seninclusion@deni.gov.uk

Seol sa phost chuig: An Fhoireann um Athbhreithniú ar RSO agus ar Chuimsiú, Seomra G18,
An Roinn Oideachais, Teach Ráth Gael, Bóthar Bhaile Aodha,
Beannchar, Co an Dúin BT19 7PR

Doiciméad Comhairliúcháin um Moltaí Beartais: Leagan na Leanaí agus na nDaoine Óga